An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

# Ag tacú le leanaí agus daoine óga nach Gaeilge ná Béarla a dteanga bhaile

## Treoir do scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge

An tAonad um Oideachas Gaeltachta
An Roinn Oideachais agus Óige
Feabhra 2026

# Clár


**Réamhrá** .... 2

**Prionsabal 1**: Cur chuige comhpháirtíoch scoile uile mar bhonn don ionchuimsiú .... 4

**Prionsabal 2**: Tosaíocht a thabhairt do riachtanais folláine .... 7

**Prionsabal 3**: Cur chuige láidreacht-bhunaithe a aithníonn láidreachtaí, spéiseanna, agus riachtanais na bhfoghlaimeoirí .... 9

**Prionsabal 4**: Tumoideachas ardchaighdeáin mar bhunchloch don teagasc .... 11

**Prionsabal 5**: An fhoghlaim teanga a chur chun cinn – teanga shóisialta agus acadúil .... 14

**Prionsabal 6**: Measúnú mar bhonn don dul chun cinn agus don ionchuimsiú .... 18

**Prionsabal 7:** Litearthacht mar thaca don bhfoghlaim trasna an churaclaim .... 20

**Prionsabal 8:** Cothabháil agus luach a chur ar theanga bhaile an scoláire .... 23

**Prionsabal 9**: An réamhfhoghlaim agus an teicneolaíocht dhigiteach mar scafláil don teanga .... 25

**Prionsabal 10**: Obair i gcomhpháirt le tuismitheoirí/caomhnóirí agus an pobal .... 28

**Aguisín:** Treoir bhreise agus acmhainní .... 30

# Réamhrá

Imríonn scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ról tábhachtach i saol teanga, saol cultúrtha agus saol pobail na hÉireann. Tá cúram orthu ní hamháin ardchaighdeán scileanna sa Ghaeilge agus sa Bhéarla a fhorbairt ina scoláirí[1] ach chomh maith leis sin, cultúr scoile a chur chun cinn ina gcuimsítear agus ina dtacaítear le gach foghlaimeoir. Feidhmíonn scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i gcomhthéacs teanga mhionlaigh, áit a gcaithfear an Ghaeilge a chothú go cúramach ionas go mbláthfaidh sí taobh leis an mórtheanga, an Béarla. Agus na scoileanna seo ag cur lena líon scoláirí ó chúlraí teanga agus cultúrtha éagsúla, cruthaíonn an ghné bhreise seo idir dheiseanna agus fhreagrachtaí maidir leis na foghlaimeoirí a thagann ó chúlraí teangeolaíocha éagsúla: éiteas teanga na scoile a chothabháil agus ag an am céanna, a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach foghlaimeoir ar shaol iomlán na scoile.

Tá sé mar fhís ag an bPolasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht go mbeadh oideachas ardchaighdeáin, cuimsitheach trí mheán na Gaeilge ar fáil do gach foghlaimeoir agus go gcothófaí bród agus inniúlacht in úsáid na teanga iontu. De réir mar a n-éiríonn le scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge freastal ar phobail foghlaimeoirí atá níos ilghnéithí, beidh siad dírithe ar fhéiniúlacht na bhfoghlaimeoirí sin mar Ghaeilgeoirí a chothú agus iad a ullmhú leis na tuiscintí, luachanna agus scileanna teanga, sóisialta agus cultúrtha atá riachtanach don fhoghlaim fhadsaoil agus don rannpháirtíocht sa tsochaí.

Tacaíonn prionsabail an dátheangachais agus an ilteangachais leis an ionchuimsiú. Aithníonn na prionsabail seo gur féidir úsáid na Gaeilge mar theanga foghlama a threisiú nuair a aithnítear na hacmhainní teanga – eolas, scileanna agus eispéiris - atá ag gach scoláire agus nuair a thógtar orthu. Nuair a thugtar faoin ionchuimsiú go cúramach, leanúnach, dáiríre, treisítear timpeallacht an tumoideachais Ghaeilge, seachas í a chur i gcontúirt. Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara nach mar an gcéanna iad riachtanais teanga bhreise agus riachtanais speisialta oideachais (RSO). Déanann go leor scoláirí nua-thagtha dul chun cinn de ghnáth nuair a thacaítear leo trí chuir chuige tumoideachais ardchaighdeáin a chuimsíonn deiseanna idirghníomhaíochta bríomhara. D’fhéadfadh, áfach, go mbeadh riachtanais bhreise ag foghlaimeoirí áirithe, nach mbaineann le foghlaim teanga. Cabhraíonn cur chuige scoile uile lena chinntiú go dtuigtear riachtanais foghlama teanga agus riachtanais speisialta oideachais mar réimsí difriúla a d’fhéadfadh trasnú ach nár chóir iad a chónaidhmiú.

---

[1] Chun críocha an doiciméid seo, úsáidtear an téarma **scoláirí** chun tagairt a dhéanamh do dhaltaí bunscoile agus do scoláirí iar-bhunscoile araon

Aithnítear go bhféadfadh na cúiseanna go dtagann páistí agus daoine óga go hÉirinn bheith an-difriúil óna chéile agus go bhféadfadh an taithí a bhí ag an scoláire roimh theacht go hÉirinn dó/di tionchar suntasach a imirt ar (h)ullmhacht don fhoghlaim agus ar luas a d(h)ul chun cinn.

Soláthraíonn an treoir seo moltaí praiticiúla chun tacú le ceannairí, múinteoirí, agus cleachtóirí i gcomhtháthú foghlaimeoirí nua-thagtha — iad siúd a bhfuil Gaeilge agus Béarla mar theangacha breise acu — i scoileanna lán-Ghaeilge. Is é an sprioc atá leis ná tacú le scoileanna cur chuige scoile uile a fhorbairt, trínar féidir le gach scoláire — beag beann ar a chúlra teanga — rochtain a fháil ar an gcuraclam trí Ghaeilge, agus cur le saol na scoile ar bhealach atá bríoch. Moltar do scoileanna a chinntiú go rachaidh na cinntí a ghlactar ag leibhéal na scoile uile i bhfeidhm ar an gcleachtas ranga go comhsheasmhach, le go bhfeicfear tionchar na pleanála seo in eispéiris agus torthaí foghlama na scoláirí uile cibé riachtanais bhreise foghlama nó teanga atá acu.

Tá an treoir seo dírithe ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon. Is samplaí agus gníomhaíochtaí féideartha iad na heiseamláirí a leagtar amach sna táblaí seachas treoracha dochta. Cé go mbaineann príomhphrionsabail an tumoideachais, an dátheangachais shuimithigh, agus an chleachtais ionchuimsithigh leis an dá earnáil, tig le scoileanna na cuir chuige molta a oiriúnú dá gcomhthéacs féin. In iar-bhunscoileanna, cuir i gcás, bheifí ag súil le cur chuige comhpháirtíoch a théann thar an gcomhoibriú laistigh de na ranna ábhair agus a bheidh ag brath ar chumarsáid agus ar chomhthuiscintí idir bhaill foirne a bhfuil réimsí freagrachta éagsúla acu. Ag leibhéal na bunscoile, caithfear an treoir a léamh freisin i bhfianaise chomhthéacs uathúil an luath-thumoideachais iomláin i ranganna na naíonán ina n-úsáidtear an Ghaeilge go heisiach mar theanga an teagaisc. Mar sin, tig le scoileanna na gníomhaíochtaí agus na samplaí a ghabhann leo a oiriúnú ar bhealaí a thagann lena bhfoghlaimeoirí, a n-aoisghrúpaí, a gcuraclaim agus a n-acmhainní ama.

# **Prionsabal 1**: Cur chuige comhpháirtíoch scoile uile mar bhonn don ionchuimsiú

## Foirne tacaíochta foghlama

Bíonn éifeachtúlacht na tacaíochta a sholáthraítear d’fhoghlaimeoirí ag brath go mór ar chomhthuiscintí agus ar chomhoibriú idir na múinteoirí ábhartha. Nuair a bhunaítear Foireann Tacaíochta struchtúrtha, cinntítear freagrachtaí maidir le hionchuimsiú foghlaimeoirí nua, ar bhonn comhordaithe agus inbhuanaithe. Moltar do cheannairí scoile i scoileanna ina bhfuil níos mó ná múinteoir tacaíochta amháin (Múinteoirí Oideachais Speisialta, Múinteoirí Béarla/Gaeilge mar Theanga Breise) nó leithdháileadh d’uaireanta tacaíochta foghlama nó teanga acu, comhoibriú idir na múinteoirí seo a éascú chun tacú le cuimsiú agus rannpháirtíocht gach scoláire ina chuid foghlama. Tacaíonn cumarsáid shoiléir agus ceannaireacht straitéiseach le cur chuige maidir le cuimsiú a dhéanann comhtháthú le polasaí na scoile maidir leis an nGaeilge. Moltar do mhúinteoirí cur chuige comhoibríoch a ghlacadh chun scileanna teanga na scoláirí a chur chun cinn agus dul chun cinn a mheas agus a thaifeadadh. Ba chóir go mbeadh ról ag gach duine atá páirteach - an scoláire san áireamh - féachaint chuige go dtacaítear le leas mothúchánach, oideachasúil agus le comhtháthú sóisialta an scoláire. Nuair a bhíonn ról ag seirbhísí tacaíochta (m.sh. An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais/ NEPS), ba chóir go mbeadh an ról sin agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo, chomh maith leis an teanga/na teangacha a úsáidfear le gach páiste, sainmhínithe go soiléir. Ciallaíonn sé seo go léir go ndéanfaidh bainistíocht agus foireann na scoile deimhin de go ndéanfaidh an scoil socrú d’ilchineálacht teanga agus cultúrtha agus go n-aithneofar agus go ndéanfar freastal córasach ar riachtanais theanga bhreise na scoláirí atá ag foghlaim Gaeilge agus Béarla mar theangacha breise (GBTB).

### Tábla 1. Cur chuige comhpháirtíoch scoile uile mar bhonn don ionchuimsiú: foirne tacaíochta foghlama

| Gníomhaíochtaí féideartha | Samplaí sa chleachtas |
|---|---|
| Dear próifíl den scoláire. Úsáid an Leanúntas Tacaíochta chun riachtanais a aithint agus pleanáil d’idirghabháil chomhordaithe a dhéanamh. Cruthaigh agus tapaigh deiseanna chun guth an scoláire a lárnú sa phróiseas seo. | Ball den rannóg tacaíochta (m.sh. An múinteoir GBTB) a ainmniú chun an plean a réiteach (spriocanna san áireamh) agus monatóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm.<br><br>Machnamh a dhéanamh ar na hábhair éagsúla curaclaim atá á ndeanamh ag an |

| | |
|---|---|
| | scoláire; na dúshláin teanga a bhaineann leis sin a aithint mar aon le bealaí dul i ngleic leo (soláthar tacaíochtaí teanga bhreise san áireamh).<br><br>Buaileann an Fhoireann Tacaíochta lena chéile go tráthrialta (m.sh. gach 4–6 seachtaine) chun próifílí na bhfoghlaimeoirí nua a athbhreithniú, spriocanna a nuashonrú agus straitéisí aontaithe a chlárú. |
| Déan seiceálacha a sceidealú sna seachtainí tosaigh, idir an múinteoir ranga / múinteoirí ábhair agus an múinteoir GBTB, a dhíríonn ar an scoláire a shocrú síos agus dul i dtaithí ar úsáid laethúil na teanga. San iar-bhunscoil, d'fhéadfadh ról ar leith bheith ag an gceann bliana, na múinteoirí ranga nó múinteoir ábhartha eile maidir leis seo. | Cruinniú pleanáilte de 10 nóiméad ag tús gach seachtaine chun breathnuithe, nótaí, dul chun cinn nua, agus na chéad chéimeanna eile a roinnt.<br><br>Comhphlé ag cruinnithe foirne RSO ar dhul chun cinn agus ar chéad chéimeanna eile. |
| Úsáid córas comhroinnte chun an fhorbairt teanga agus folláine a rianú.<br><br>Smaoinigh ar na feidhmeanna teanga atá lárnach d'fhoghlaim teanga agus a bheidh de dhíth ar na scoláirí chun spriocanna éagsúla cumarsáide a bhaint amach | Teimpléad simplí comónta le réimsí don bhfoclóir nua a foghlaimíodh, rannpháirtíocht, idirghníomhú le comhdhaltaí, agus straitéisí a ndearnadh triail orthu. Meabhrúcháin ag dul go múinteoirí ábhair maidir le huasdátuithe cláraithe ar an dteimpléad seo agus ar an gcaoi ar féidir tacú go praiticiúil leis an bhfoghlaimeoir sa rang.<br><br>Córas i bhfeidhm a éascóidh máistreacht na scoláirí ar fheidhmeanna éagsúla na teanga. |
| Soiléirigh róil agus ionchais chumarsáide le gníomhaireachtaí seachtracha. | NEPS/gairmithe seachtracha ábhartha eile freastal ar chruinniú pleanála; na teangacha a aontaíodh le haghaidh na cumarsáide agus torthaí a n-idirghníomhaíochtaí leis an scoláire a thaifeadadh i gcomhad tacaíochta an scoláire. |
| Soláthair am pleanála comhoibríoch ó am go chéile chun comhordú níos doimhne a dhéanamh idir múinteoirí na ranganna/na n-ábhar, an múinteoir tacaíochta teanga agus an múinteoir RSO, nuair is cuí. | Am sceidealta (m.sh.,go míosúil) don chomhphleanáil, anailís a dhéanamh ar bhreathnóireachtaí/mheasúnú agus tacaíochtaí spriocdhírithe cuí a aithint. |
| Ailínigh gach cinneadh le polasaí Gaeilge na scoile. | Próisis chinnteoireachta treoraithe ag prionsabail an tumoideachais, ag tabhairt aitheantais do theanga(cha) bhaile an scoláire. |

| | |
|---|---|
| Bunaigh córas chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhtháthú sóisialta agus ar rannpháirtíocht an scoláire. | Téann ball foirne ainmnithe (lena n-áirítear baill den fhoireann chúraim, más ábhartha) i gcomhairle leis an scoláire gach seachtain chun a shástacht/chompord le saol na scoile a mheas, ag úsáid íomhánna simplí nó tacaíochtaí cumarsáide ag brath ar aoisghrúpa an scoláire. |
| Déan cinnte go dtuigeann gach ball foirne cur chuige na scoile maidir le tacú le foghlaimeoirí teangacha breise. | Forbhreathnú ag cruinnithe foirne ag tús gach téarma – soiléiriú a thabhairt maidir le róil, ionchais, agus nósanna imeachta. |

# **Prionsabal 2**: Tosaíocht a thabhairt do riachtanais folláine

Seans go mbeadh an t-aistriú go suíomh lán-Ghaeilge dúshlánach do pháistí atá díreach tar éis teacht chun na tíre, go háirithe dóibh siúd nach bhfuil Gaeilge nó Béarla mar theanga bhaile acu. Tar éis na láidreachtaí, na spéiseanna agus na riachtanas a aithint, ba cheart don scoil tosaíocht a thabhairt do na riachtanais shochmhothúchánacha agus folláine sin a d'fhéadfadh bheith ina mbaic ar fhoghlaim nó ar rannpháirtíocht. Agus láidreachtaí an fhoghlaimeora mar thúsphointe don chuimsiú, aithneofar deiseanna nádúrtha dóibh nascadh lena gcomhghleacaithe agus teacht isteach ar nósanna imeachta an tseomra ranga.

Déantar idirghabhálacha sa réimse seo chun cabhrú leis an scoláire caidrimh dhearfacha a fhorbairt, muinín a thógáil i leith dhaoine fásta, agus muinín a fhorbairt agus é ag idirghníomhú lena chomhscoláirí. Is féidir na tacaíochtaí seo a sholáthar trí Ghaeilge, Béarla, nó teanga bhaile an pháiste, más féidir agus más oiriúnach. Moltar, áfach, gan tacaíochtaí teanga eile a úsáid in áit modheolaíochtaí éifeachtacha tumoideachais mar ghnáthchleachtas, ach iad a úsáid go discréideach mar thaca breise nuair is gá.

Nuair a bheadh tacaíochtaí tosaigh le haghaidh folláine i bhfeidhm agus á mbainistiú, is féidir leis an scoil forbairt na Gaeilge a neartú de réir a chéile, laistigh den tumoideachas. Sa rang agus lasmuigh de, ba chóir go mbeadh béim fós ar rannpháirtíocht i saol sóisialta na scoile —spraoi, éispéiris chruthaitheacha, spórt, ceol agus gníomhaíochtaí comhoibríocha— áit a bhfuil éilimh teanga íseal agus inar féidir leis an bhfoghlaimeoir muinín a thógáil.

## Tábla 2. Tosaíocht a thabhairt do riachtanais folláine

| Gníomhaíochtaí féideartha | Samplaí de seo sa chleachtas |
|---|---|
| Tabhair amchlár laethúil soiléir agus intuartha le tacaíochtaí sofheicthe. | Amchlár físiúil atá le feiceáil ag leibhéal súl an scoláire; tugann an múinteoir forléargas ar phlean an lae (a bhfuil frásaí simplí i nGaeilge agus pictiúir mar thaca leis). |
| Ceap comrádaithe éagsúla don scoláire chun idirghníomhaíochtaí dearfacha a chur chun cinn agus spleáchas ar dhuine amháin a sheachaint. | Córas cairdis/comrádaithe ina gcabhraíonn beirt chomhdhaltaí leis an scoláire nua na gnáthaimh, na cluichí clóis/páirce, agus na gníomhaíochtaí grúpa a thuiscint. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh ar bhonn rothlaithe go dtí go mbíonn an scoláire ar a chompord le deasghnátha an ranga/na scoile. |
| Bain úsáid as seiceáil mhothúchánach simplí, rialta chun tacú le féinléiriú. | Deis chumarsáide laethúil le múinteoir aitheanta. "Conas atá mé ag mothú?" le haghaidheanna, dathanna nó siombail eile; |

| | |
|---|---|
| | comhráite gearra aghaidh-ar-aghaidh do scoláirí gur fearr leo comhrá. |
| Dear gníomhaíochtaí cruthaitheacha, bunaithe ar ghluaiseacht, spraoi nó súgradh chun tacú le féinléiriú agus féinmhuinín an scoláire. | Réamhchluichí drámaíochta, tascanna tógála comhpháirteacha, gníomhaíochtaí ealaíne ina bhfuil béim ar rannpháirtíocht seachas ar thorthaí teanga. An rogha a thabhairt don scoláire faoi mar a léireoidh sé/sí a t(h)uiscint. |
| Cruthaigh spásanna ciúine, íseal-éilimh do scoláirí a d'fhéadfadh a bheith ag lorg suaimhnis agus na scoláirí a chur ar an eolas faoi. | Sainchúinne ciúin le leabhair, earraí céadfacha agus pictiúir gur féidir leis an scoláire a rochtain nuair is gá. |
| Cruthaigh spás d'idirghníomhaíochtaí laethúla inar féidir cairdeas atá ag fás a fhorbairt agus a thugann deis don mhúinteoir/CRS comharthaí uaignis nó imní agus réimsí eile a bhfuil tacaíocht ag teastáil uathu a aithint. | Tógann an múinteoir/múinteoir ábhair/CRS/cúntóir teanga nótaí gearra le linn am clóis nó obair ghrúpa chun eolas a fháil don phleanáil agus don chruinniú leis an bhFoireann Tacaíochta. |
| Léirigh iompar ionchuimsitheach agus teanga shóisialta dhearfach. | Úsáideann an fhoireann teanga fháilteach ("Tar liom…", "Suigh anseo", "Gach rud ceart go leor?") agus tugann siad, le moltaí agus eiseamláirí simplí, struchtúr do phróisis idirghníomhaíocha idir na scoláirí. |
| Tabhair ionchais shoiléire agus moladh le linn aistrithe. | Tacaíocht sna seachtainí tosaigh chun cabhrú le gnáthaimh an lae – teacht isteach ar maidin, aistrithe sa chlós, aistriú idir ranganna, amanna sosa agus dul abhaile. |

## **Prionsabal 3**: Cur chuige láidreacht-bhunaithe a aithníonn láidreachtaí, spéiseanna, agus riachtanais na bhfoghlaimeoirí

Moltar cur chuige iomlánaíoch, a chuimsíonn réimsí acadúla, soch-mhothúchánacha, agus folláine mar an bealach is éifeachtaí chun láidreachtaí agus riachtanais scoláirí a aithint. Moltar na riachtanais seo a mheas i gcomhthéacs an tseomra ranga agus an timpeallacht níos leithne.

Tosaíonn cuimsiú éifeachtach le láidreachtaí agus riachtanais foghlama gach foghlaimeora a aithint. Ba chóir do phróifíl a chuirtear le chéile faoin bhfoghlaimeoir, a láidreachtaí, a shuimeanna, a thaithí saoil agus a acmhainní teanga a chur san áireamh—agus ní hamháin na bearnaí a fheictear. Chun an Leanúntas Tacaíochta a chur i bhfeidhm go héifeachtach, éilíonn sé ar scoileanna próisis shoiléire agus láidre a bheith acu chun próifíl thosaigh atá dílis don fhoghlaimeoir a chruthú, agus é a athbhreithniú go tráthrialta.

### Tábla 3. Aithint láidreachtaí, spéiseanna, agus riachtanais foghlaimeoirí

| Gníomhaíochtaí féideartha | Samplaí sa chleachtas |
|---|---|
| Tabhair deis don scoláire a gcuid spéiseanna, láidreachtaí agus na bealaí foghlama is fearr leo a roinnt agus cuir tús le "próifíl foghlama" a chruthú.<br><br>Aithin mar láidreacht an sealbhú teanga atá déanta ag an scoláire go dtí seo agus déan clárú ar a fheasacht teanga mar fhoghlaimeoir dátheangach/ilteangach. | Déanann an scoláire é féin a chur in iúl trí ghníomhaíocht shimplí ilteangach "Mé Féin" agus úsáidfear é seo chun tús a chur lena phróifíl foghlama.<br><br>Léiríonn na scoláirí níos óige na gníomhaíochtaí is fearr leo nó rudaí ag a bhfuil siad go maith, dar leo féin. D'fhéadfadh scoláirí níos sine físeán gearr, nóta gutha nó acmhainní digiteacha teanga a úsáid chun tacú leo iad féin a chur in iúl. |
| Téigh i muinín theaghlach an scoláire chun cur lena bhfuil sa phróifíl foghlama, ag cuimsiú teanga(cha), réimsí spéise, buanna, bealaí foghlama, agus riachtanais tacaíochta an scoláire. | Próifíl ghonta a dhearadh, a chuimsíonn ionchur ón dteaghlach, lena n-áirítear teanga(cha) a labhraítear sa bhaile, caitheamh aimsire, láidreachtaí, gníomhaíochtaí is fearr leis an scoláire, agus aon taithí scoile roimhe seo. |
| Tabhair cuireadh do scoláirí cur lena bpróifíl féin ó am go chéile ag úsáid formáidí atá oiriúnach dá n-aoiseanna. | Cruthaítear deiseanna chun guth an scoláire agus a pheirspictíochtaí a bhailiú maidir le bailiú na fianaise, dearadh na dtacaíochtaí, aithint spriocanna agus monatóireacht. |
| Bailigh eolas ó thuismitheoirí/caomhnóirí ag úsáid cumarsáid atá soiléir agus tacúil. Bain leas as an teicneolaíocht | Ceistneoir simplí (aistrithe) nó cruinniú neamhfhoirmiúil le cabhair aistritheora/teicneolaíochta más gá, ag díriú ar |

| | |
|---|---|
| dhigiteach/aipeanna oiriúnacha de réir mar is cuí. | láidreachtaí agus ar a bhfuil bainte amach ag an scoláire, seachas ar easnaimh. |
| Coinnigh bileog achoimre atá inrochtana ag na baill foirne ábhartha. | Doiciméad roinnte (digiteach nó páipéar) a choimríonn na láidreachtaí, na teangacha a labhraítear, riachtanais ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh, agus nuashonruithe ábhartha. |
| Athbhreithnigh agus déan uasdátú ar an bpróifíl ó am go ham. | Seiceálacha go tráthrialta chun dul chun cinn maidir leis an teanga, féinmhuinín, cairdeas, agus rannpháirtíocht sa churaclam a nótáil. |
| Smaoinigh ar chomhthéacs an tseomra ranga agus na scoile mar chuid den mheasúnú. | Nótaí ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn an scoláire le linn obair ghrúpa, am chlóis, ghnáthamh, agus seisiún litearthachta, chun tuiscint a fháil ar thacaíochtaí nó baic ina thimpeallacht foghlama. |
| Bain úsáid as gníomhaíochtaí tosaigh ísealriosca chun tuiscint a fháil ar láidreachtaí an fhoghlaimeora. | Tascanna tapa cosúil le cluichí tomhais, líníocht, nó gníomhaíochtaí spraíúla comhoibríocha chun féachaint ar chumas réiteach faidhbe an scoláire agus a idirghníomhú sóisialta |

## **Prionsabal 4**: Tumoideachas ardchaighdeáin mar bhunchloch don teagasc

I suíomhanna meán-Ghaeilge, soláthraíonn an tumoideachas úsáid fhadtéarmach bhríomhar na Gaeilge mar phríomhtheanga cumarsáide agus foghlama do scoláirí. Do scoláirí nach Gaeilge ná Béarla a labhraítear sa bhaile, cuireann an tumoideachas dúshlán agus deis ar fáil: cé go bhfuil an timpeallacht theangeolaíoch nua dóibh, tacaíonn an t-ardán tumoideachais le foghlaim trí ghnáthaimh inmharthana, comharthaí amhairc, teanga ó bhéal saibhir, agus idirghníomhaíocht le comhdhaltaí.

Tá cur chuige comhsheasmhach scoile uile don tumoideachas[2] ardchaighdeáin riachtanach. Ba chóir, mar sin, an Ghaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga teagaisc, agus úsáid straitéiseach teoranta a bhaint as an mBéarla nó teanga bhaile an scoláire - díreach nuair is gá chun moladh nó tuiscint thosaigh a sholáthar. Tá comhthuiscintí idir na baill éagsúla de phobal na scoile fíorthábhachtach sa réimse seo agus cibé cur chuige ar a mbeartaítear, ba chóir go mbeadh an scoláire féin lárnach sa phróiseas cinnteoireachta.

Cuirtear luath-thumoideachas i bhfeidhm i ngach scoil atá sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus i mbunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh de cheantair Ghaeltachta, áit a gcuirtear teagasc an Bhéarla siar go dtí rang a haon. Léiríonn taighde ar an tumoideachas go bhfuil úsáid leanúnach agus láidir na sprioctheanga riachtanach don sealbhú teanga éifeachtach, agus go bhfuil gá le straitéisí difreálaithe laistigh den tumoideachas chun tacú le tuiscint agus folláine na scoláirí, seachas úsáid na sprioctheanga a laghdú. Bíonn an tacaíocht a chuireann múinteoirí tacaíochta teanga ar fáil níos éifeachtaí nuair a bhíonn sí ailínithe le polasaí thumoideachais na scoile, rud a chinntíonn cur chuige comónta, straitéiseach in úsáid na teanga, agus sna hionchais.

Is féidir le scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta cur chuige a fhreagraíonn don chultúr a ghlacadh, a aithníonn, a chuimsíonn agus a léiríonn luach ar theangacha baile na scoláirí mar acmhainní cognaíocha agus féiniúlachta, agus é sin go léir laistigh de chreat láidir tumoideachais ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga na foghlama. Déanann sé seo

[2] De réir chleachtas an luath-thumoideachais faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, úsáidtear an Ghaeilge go heisiach mar theanga an teagaisc sna blianta tosaigh den bhunscolaíocht, agus ní thugtar isteach úsáid straitéiseach teangacha eile ach ag céimeanna níos déanaí. An sprioc atá leis seo ná teagmháil na scoláirí leis an nGaeilge a uasmheádú chun dlús a chur le sealbhú na Gaeilge acu sula dtosaítear ar fhoghlaim teangacha eile.

maitheas seachas dochar do thimpeallacht na Gaeilge agus léiríonn sé cleachtas maith sa dátheangachas nó san ilteangachas suimitheach.

## Tábla 4. Cur chuige tumoideachais

| Gníomhaíochtaí féideartha | Samplaí sa chleachtas |
|---|---|
| Úsáid cur chuige "Nascadh–Tógáil-Úsáid neamhspleách" chun tacú leis an lán-tumoideachas. | Nascadh: Soiléiriú gearr i mBéarla nó i dteanga bhaile an scoláire má tá sábháilteacht nó tuiscint bhunúsach i mbaol.<br><br>Tógáil: Tabhair isteach frásaí tábhachtacha Gaeilge ag úsáid íomhánna/léaráidí ("Téigh go dtí…", "Glac páirt i…", "Seachain an..." agus "Ná…").<br><br>Úsáid neamhspleách: Laghdú ar úsáid theangacha eile de réir mar a mhéadaíonn an tuiscint. |
| Coinnigh an Ghaeilge mar phríomhtheanga teagaisc agus idirghníomhaíochta sa seomra ranga agus sa scoil i gcoitinne. | Múnlaíonn an múinteoir struchtúir abairtí Gaeilge; úsáideann an fhoireann an Ghaeilge go leanúnach sa seomra ranga agus go neamhfhoirmiúil timpeall na scoile ("Bain triail as…", "Éist liom"). |
| Bain úsáid as íomhánna, gníomhartha comharthaíochta agus geáitsí, agus tacaíochtaí ilmhodhacha chun brí a neartú. | Cártaí foclóra léirithe, earraí seomra ranga lipéadaithe, nósanna tacaithe le trealamh, taispeántais dathchódaithe. |
| Moltar do gach duine an Ghaeilge a úsáid le chéile sa ghnáthchomhrá. | Scoláirí nua-thagtha a chur le cainteoirí líofa Gaeilge chun tascanna comhoibritheacha, cluichí, nó obair ghrúpa a dhéanamh. |
| Aistrigh tuairimí foghlaimeoirí go nádúrtha go Gaeilge. | Úsáidtear athmhúnlú teanga chun freagraí a neartú i nGaeilge. Má thugann an scoláire freagra páirteach i nGaeilge agus páirteach ina theanga bhaile, déanann an múinteoir an freagra ar fad a athrá i nGaeilge. |
| Soláthair seisiúin ghearra tacaíochta tumoideachais, dírithe ar an bhfoghlaim sa seomra ranga. | Seisiúin 10–15 nóiméad i ngrúpaí beaga ar théarmaí agus frásaí a bheidh riachtanach do cheachtanna na seachtaine (m.sh.,téarmaí matamaitice, eolaíochta srl.).<br><br>Do scoláirí iar-bhunscoile, seisiúin ghearra spriocdhírithe ar an bhfoclóir acadúil, íomhánna agus ceartfhuaimniú a bheidh de dhíth ar scoláirí chun páirt iomlán a ghlacadh sna ceachtanna (ag brath ar chomhthéacs na scoile, b'fhéidir go bhféadfadh scoláirí ón Idirbhliain tacú leis na seisiúin seo). |

| | |
|---|---|
| | Laistigh de chomhthéacs na comhmhúinteoireachta, tacú le freagraí béil struchtúrtha, agus ar na riachtanais teanga do na tascanna atá le teacht. |
| Déan cinnte go bhfuil cleachtais tumoideachais comhsheasmhach á gcur i bhfeidhm ag gach ball foirne. | Tá frásaí, íomhánna agus nósanna scoile uile comhaontaithe agus úsáidtear iad sna pasáistí, sa chlós, ar an bpáirc imeartha agus in imeachtaí scoile uile. |
| Labhair/déan cumarsáid go soiléir le teaghlaigh faoi chleachtais an tumoideachais agus na cuspóirí a bhaineann leis. | Bileog fháilte ghearr (aistrithe go teanga bhaile an scoláire) ag míniú cén fáth a n-úsáidtear an Ghaeilge, an luach a bhaineann leis an tumoideachas don fhoghlaimeoir agus mar is féidir le teaghlaigh tacú leis mar chur chuige. |

# **Prionsabal 5**: An fhoghlaim teanga a chur chun cinn – teanga shóisialta agus acadúil

Tá ról ag ceannairí scoile, múinteoirí ranga, múinteoirí ábhair, agus múinteoirí tacaíochta i bhforbairt scileanna teanga leanaí agus daoine óga nach Gaeilge ná Béarla a dteanga bhaile. Tá dhá mhórghné thábhachtacha fite fuaite i bhfoghlaim teanga:

- **Bunscileanna Cumarsáide Idirphearsanta (BSCI/BICS)** — teanga shóisialta laethúil a úsáidtear le haghaidh idirghníomhaíochta; de ghnáth forbraítear na scileanna seo laistigh de dhá bhliain i ndiaidh do dhuine a bheith páirteach sa chomhthéacs teanga.
- **Inniúlacht ar an Teanga Chognaíoch agus Acadúil (ITCA/CALP)** — an teanga acadúil, shonrach do gach ábhar atá riachtanach chun coincheapa an churaclam a thuiscint agus a chur in iúl.

Aithníonn cur chuige cuimsitheach an luach a bhaineann le Cumas Bunúsach Coiteann—an prionsabal gur féidir coincheapa, scileanna litearthachta, agus straitéisí cognaíocha a fhorbraítear i dteanga bhaile an scoláire nó i mBéarla a aistriú chuig an bhfoghlaim trí Ghaeilge. Dá bhrí sin, éilíonn forbairt éifeachtach teanga ní hamháin tumoideachas i suíomh idirghníomhaíoch bríomhar ach pleanáil struchtúrtha d'fhorbairt na teanga acadúla freisin. Do scoláirí atá ag foghlaim na Gaeilge agus an Bhéarla mar theangacha breise, bíonn an dara nó an tríú teanga ar a dtoil acu cheana féin, agus mar thoradh ar fhoghlaim na dteangacha sin, bíonn solúbthacht intleachtúil agus feasacht mheititheangeolaíoch ar ardleibhéal forbartha acu. Is minic na foghlaimeoirí seo cleachtaithe ar chiall a bhaint as struchtúir agus dul sa seans chun iad féin a chur in iúl i dteanga nach í a dteanga dhúchais í. Agus an soláthar tacaíochta teanga á eagrú, ní mór an taithí seo ar fhoghlaim agus ar úsáid teangacha breise a chur san áireamh.

## 5.1 An teanga shóisialta: Bunscileanna Cumarsáide Idirphearsanta (BSCI/BICS)

Tagraíonn BSCI don teanga a úsáidtear i ngnáth-idirghníomhaíocht—beannachtaí, treoracha, spraoi, agus malartuithe simplí sa seomra ranga. Maidir le scoláirí nua, oibríonn BSCI níos fearr nuair a threisítear an tumoideachas le deiseanna struchtúrtha chun idirghníomhú le comhdhaltaí.

## Tábla 5A. Tacú le BSCI

| Gníomhaíochtaí féideartha | Samplaí sa chleachtas |
|---|---|
| Múin frásaí feidhmiúla ardmhinicíochta a bhaineann le gnáthaimh laethúla. | "Cén chaoi a bhfuil tú?", "An féidir liom…?", "Abair arís, le do thoil." agus é seo curtha i láthair le híomhánna agus chomharthaí i rith na seachtainí tosaigh. |
| Cruthaigh nósanna imeachta saibhre teanga a thugann tacaíocht don léiriú agus don mhíniú arís agus arís eile. | Amhrán fáilte i nGaeilge do dhaltaí óga, frásaí intuartha atá in úsáid chun gnáthimeachtaí an lae a stiúradh – don obair ghrúpa, mar shampla. ("An dtuigeann tú an tasc?", "An bhfuil sampla eile agat?", "Cén chaoi a ndéanfaimid é seo?", "An féidir leat cabhrú liom leis an gcuid seo?") |
| Bain úsáid as comharthaí amhairc, comharthaíochta agus comhthéacsúla chun tacú le tuiscint. | Léiríonn an múinteoir pointí, déanann sé gníomhaíochtaí, nó úsáideann sé cártaí pictiúr chun brí a neartú ("Suigh síos led' thoil, Sophie", "Éist led'thoil, a Marcus"). |
| Spreag cumarsáid idir na scoláirí trí ghníomhaíochtaí comhoibrithe struchtúrtha. B'fhiú go mór tarraingt, más féidir, ar acmhainní an chúntóra teanga agus an mhúinteora tacaíochta teanga chun tacú leis an gcumarsáid (tuiscint agus cur in iúl) le linn na ngníomhaíochtaí foghlama. | Do dhaltaí óga, úsáidtear cluichí ar nós "Feicim le mo shúilín..., tascanna tógála i bpéirí, cluiche boird ina n-úsáidtear frásaí simplí Gaeilge.<br><br>Baintear leas as frásaí simplí laethúla i gcomhthéacsanna sóisialta agus ranga, mar shampla, beannachtaí, iarratais bhunúsacha agus ceisteanna praiticiúla ('Dia duit', 'Conas atá tú?', 'Ní thuigim', 'An gcabhróidh tú liom?'), chun idirghníomhú muiníneach a éascú le piaraí agus le múinteoirí. |
| Soláthair deiseanna íseal-bhrú le páirt a ghlacadh sa chomhrá. | Baintear úsáid as obair i bpéirí – tobsmaointeoireacht agus tuairimí a roinnt i mbeirteanna, ról-imirt (is féidir puipéid a úsáid le daltaí óga), deiseanna a sholáthar d'athrá struchtúrtha rialta. |
| Tabhair faoi deara an dul chun cinn in úsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge ag an bhfoghlaimeoir. | Nótaí gearra breathnóireachta ar fhrásaí a úsáidtear go neamhspleách, teagmhasach (m.sh., "Go raibh maith agat", "Táim réidh", "Abair liom", "Dúirt sé"). |
| Úsáid scripteanna intuartha chun idirghníomhaíochtaí sóisialta coitianta a mhúnlú. | Leidchártaí beaga ("Is mise…", "Seo mo chara…") do scoláirí le húsáid le linn imeachtaí spraoi nó sóisialta. |

## 5.2 Inniúlacht ar an Teanga Chognaíoch agus Acadúil (ITCA/CALP)

Tagraíonn ITCA do na scileanna agus na cumais teanga a theastaíonn chun coincheapa curaclaim a thuiscint agus a chur in iúl. Cuimsíonn sé an struchtúir teanga agus téarmaíocht níos casta a éilítear d'ábhair cosúil le matamaitic, eolaíocht, tíreolaíocht agus stair. Áirítear leis foclaíocht chognaíoch, struchtúir ghramadaí, agus patrúin chomhrá chun míniú a thabhairt, comparáid a dhéanamh, freagraí a réamh-mheas, agus a fhíorú.

I scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, éilíonn forbairt ICTA/CALP comhtháthú beacht de spriocanna teanga i dteagasc an ábhair. Gan an tacaíocht shoiléir seo, d'fhéadfadh scoláirí a bheith líofa i nGaeilge chomhráiteach ach ag streachailt le dúshláin acadúla.

Cuireann FCÁT[3] (Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga) béim ar ábhar an churaclaim a theagasc trí mheán an dara teanga. Tacaíonn an cur chuige seo le forbairt coincheapa agus le forbairt na teanga acadúla ag an am céanna. Tá FCÁT éifeachtach ríthábhachtach i suíomhanna tumoideachais, toisc go dtacaíonn sé le scoláirí teanga acadúil na foghlama a shealbhú trí Ghaeilge seachas bheith ag brath ar aistriúchán, rud a thacaíonn le tuiscint choincheapúil agus le líofacht teanga fhadtéarmach.

### Tábla 5B. Tacú le ICTA (CALP)

| Gníomhaíochtaí féideartha | Samplaí sa chleachtas |
|---|---|
| An tsaintéarmaíocht ábhair a mhúineadh roimh ré le híomhánna agus tacaíochtaí dátheangacha. | Roimh cheacht eolaíochta, mar shampla, deimhnigh go dtuigeann na scoláirí focail mar *tuaslagán*, *imoibriú*, *solas*, *leacht*, agus bain úsáid as léaráidí agus mataí foclóra/téarmaíochta chun tacú leis an bhfoghlaim. |
| Bain úsáid as léaráidí chun an réasúnú agus tuiscint ar théacs a struchtúrú (agus chun pátrúin teanga a léiriú nuair is cuí). | Léaráidí Venn no meabhairmhapaí (a thugann rogha don scoláire a chiall féin a dhéanamh den eolas atá á roinnt leo) chun tréithe ainmhithe, mar shampla, a chur i gcomparáid agus léaráidí agus cairteacha lipéadaithe as Gaeilge don timthriall uisce, mar shampla. |
| Soláthair struchtúr abairtí agus creataí chun tacú le freagraí ó bhéal agus scríofa. | "Ar an gcéad dul síos…", "Sílim… mar…", "Is é an chúis…", "Mar fhocail scoir..." curtha ar fáil ar chairteacha nó leidbhileoga scríbhneoireachta. |

[3] Is cur chuige oideachasúil défhócasaithe í an Fhoghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT) ina n-úsáidtear teanga eile chun ábhar agus teanga araon a fhoghlaim agus a mhúineadh (aistrithe ó Coyle, Hood agus Marsh, 2010, lch.1)

| | |
|---|---|
| An téarmaíocht acadúil a mhúnlú tríd an scríbhneoireacht roinnte. | Scríobhann an múinteoir míniú gearr ar an gclár bán, é/í ag smaoineamh os ard chun tuiscint ar choincheapa agus úsáid an tsainfhoclóra a mhúnlú. |
| Déan an fhoghlaim a sheicheamhú mar seo a leanas: caint, léamh, scríobh. | Pléigh an topaic ó bhéal, léigh téacs gearr inrochtana as Gaeilge, ansin scríobh achoimre le tacaíocht fráma scríbhneoireachta. |
| Cuir naisc thras-teangacha chun cinn trí dialanna téarmaíochta a choinneáil. | Coinníonn an scoláire dialann ina scríobhann sé nó sí focail Ghaeilge → léaráid (nó comhfhocail i dteanga an bhaile/Béarla más cuí) → abairt shimplí shamplach. |
| Bain úsáid as tascanna cruthaitheacha chun tuiscint acadúil a mheas roimh thascanna scríbhneoireachta leanúnacha. | Seiceáil tuisceana ó bhéal ("Inis dom cad a tharla"), léaráidí lipéadaithe, achoimrí gearra ó bhéal. |
| Tabhair tacaíocht shonrach don mhoirfeolaíocht agus comhréir | Mioncheachtanna gairide ar réimíreanna agus iarmhíreanna (***ath-***, ***ró-***, ***-ín***), pátrúin a bhaineann le hinscne na n-ainmfhocal, agus foirmeacha den bhriathair a bhaineann leis an ábhar. |

# **Prionsabal 6**: Measúnú mar bhonn don dul chun cinn agus don ionchuimsiú

Tá ról lárnach ag an measúnú maidir le tuiscint a fháil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag scoláirí atá ag foghlaim Gaeilge agus Béarla mar theangacha breise, agus maidir le tacaíochtaí a theastaíonn uathu chun páirt iomlán a ghlacadh sa churaclam. Úsáideann scoileanna meán-Bhéarla uirlisí PSAK (Primary School Assessment Kit) agus uirlisí ailínithe leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach um theangacha (CEFR) chun Béarla mar Theanga Bhreise (EAL) a mheas. Tacaítear le measúnú i nGaeilge mar Theanga Bhreise (GTB) le huirlisí múinteoir-dheartha agus tríd na leanúntais agus creataí curaclaim atá ann cheana don Ghaeilge. Tagann na cuir chuige seo leis na creataí curaclaim ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal agus ceadaíonn siad do mhúinteoirí pictiúr mionsonraithe a thógáil de scileanna teanga an scoláire agus lena rannpháirtíocht sa churaclam trí Ghaeilge. Ba chóir go mbeadh meastóireacht leanúnach, ísealriosca, agus foirmitheach ag tacú le múinteoirí chun céimeanna eile a phleanáil agus a chinntiú go mbeidh rath ar fhoghlaim na scoláirí agus go n-éiríonn siad muiníneach in úsáid na Gaeilge de réir a chéile. I gcás na n-iarbhunscoileanna is é/í an múinteoir Gaeilge is fearr a bheidh in ann an mhonatóireacht seo a dhéanamh, le cabhair an mhúinteora tacaíochta de réir mar is cuí.

## Tábla 6. Measúnú mar bhonn don dul chun cinn agus don ionchuimsiú

| **Gníomhaíochtaí féideartha** | **Samplaí sa chleachtas** |
|---|---|
| Úsáid seicliostaí deartha ag an múinteoir chun forbairt na luathlitearthachta sa Ghaeilge a chlárú. | Seicliostaí simplí a thugann léargas ar thuiscint an scoláire maidir le treoracha a leanúint, frásaí coitianta a úsáid, téarmaíocht agus foclóir bunúsach a úsáid, rannpháirtíocht i ngnáthaimh ranga. |
| Bailigh samplaí d'úsáid na teanga ag an scoláire – ó bhéal, léitheoireacht, scríbhneoireacht – go rialta. | Taifeadtaí beaga le linn obair bheirte, samplaí scríbhneoireachta leis na breathnóireachtaí múinteora a ghabhann leo, léargais ar líofacht na léitheoireachta ag an scoláire agus a straitéisí díchódaithe. |
| Bain úsáid as an gcreat FTCE/CEFR i nGaeilge, más cuí, chun tacú le féinmheasúnú an scoláire. | Críochnaíonn na scoláirí ráitis a léiríonn a gcumas i réimsí éagsúla d'úsáid na teanga mar atá leagtha amach sa chreat FTCE/CEFR (m.sh., "Is féidir liom beannú do dhuine" nó "Is féidir liom cur síos a dhéanamh ar phictiúr"). |

| | |
|---|---|
| Ag an mbunleibhéal, úsáid an Contanam dul chun Cinn de Churaclam Teanga na Bunscoile mar thagarmharc. | Úsáid an Contanam mar threoir chun inniúlacht reatha an scoláire maidir le teanga ó bhéal, léitheoireacht, scríbhneoireacht a aithint, mar aon leis na chéad chéimeanna eile i bhforbairt teanga an scoláire. |
| Déan an dul chun cinn a thaifeadadh trí nótaí breathnóireachta nasctha le BSCI (BICS) agus ITCA (CALP). | Seicliosta neamhfhoirmiúil ag nótáil forbairt sa chomhrá, in úsáid na saintéarmaíochta acadúla, struchtúr abairtí agus i léiriú tuisceana. |
| Soláthair bealaí ilteangacha do scoláirí chun a dtuiscint a léiriú. | Míníonn scoláirí coincheap ó bhéal as Gaeilge le tacaíocht; déanann siad léaráidí, cumann siad sleachta, úsáideann siad geáitsí nó eochairfhocail Ghaeilge. |
| Athbhreithnigh próifílí foghlama go rialta agus nuashonraigh spriocanna teanga. | Athbhreithniú deireadh téarma le múinteoir an ranga/ábhair, an múinteoir oideachais speisialta (mas cuí), agus an múinteoir tacaíochta teanga chun spriocanna don chéad téarma eile a aithint. |
| Bain úsáid as tascanna measúnaithe ísealriosca roimh thástálacha agus measúnaithe 'troma'. | Iarr ar na scoláirí a bhfuil ar eolas acu a léiriú trí achoimre béil ("Inis dom mar a dhéantar….") nó léiriú físiúil/cairt/léaráidí a chumadh chun a dtuiscint a chur in iúl. |
| Cuimsigh an scoláire féin sa phróiseas meastóireachta. | Guth an scoláire a áireamh go gníomhach sa phróiseas meastóireachta trí fhéinmheastóireacht, spriocanna pearsanta a dhearadh agus comhrá rialta le múinteoirí.<br><br>Cabhróidh an t-eolas luachmhar seo leis an bhfoireann — idir mhúinteoirí ábhair, chomhordaitheoirí, agus mhúinteoirí tacaíochta foghlama — chun pleanáil ilteangach, dhifreáilte agus fhreagrúil a dhéanamh. |

# **Prionsabal 7:** Litearthacht mar thaca don bhfoghlaim trasna an churaclaim

Tá sé riachtanach scileanna litearthachta láidre a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt d'fhiosrú na scoláirí ar an nGaeilge. Cuidíonn litearthacht le scoláirí brí a lorg, stór focal a fhorbairt, struchtúir teanga a thuiscint, agus páirt iomlán a ghlacadh sa churaclam. Éilíonn teagasc éifeachtach litearthachta i suíomh meán-Ghaeilge cur chuige cothrom a chomhtháthaíonn an teanga ó bhéal, an léitheoireacht, agus an scríbhneoireacht ar bhealach atá soiléir, tacaithe agus oiriúnach ó thaobh forbartha de.

Tá ról ag gach múinteoir—múinteoirí ranga, múinteoirí ábhair agus múinteoirí oideachais speisialta—i neartú na litearthachta. Soláthraíonn oideachas lán-Ghaeilge deiseanna saibhre chun scileanna litearthachta ginearálta agus ábhair-shonracha a fhorbairt, agus ba cheart go mbeadh na deiseanna seo pleanáilte go cruthaitheach agus á n-úsáid go fónta.

Cuimsíonn cur chuige cothromaithe maidir le foghlaim na litearthachta forbairt chórasach scileanna teanga na Gaeilge, foghlaim thiomanta scileanna teanga ó bhéal, agus eolas soiléir ar struchtúir téacs mar aon leis an teanga acadúil. Ba chóir go mbeadh tascanna bríomhara agus nasctha le saol agus spéiseanna na scoláirí á gcur ar fáil chun suim a chothú agus tacaíocht a thabhairt don tuiscint.

## Prionsabail thacaíocha maidir le forbairt na litearthachta i suíomhanna lán-Ghaeilge

- **Scileanna ó bhéal ar dtús:** Seo bunchloch na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.
- **Traschur seachas athdhéanamh:** Cabhróidh scileanna atá foghlamtha ó theanga an teaghlaigh (nó ón mBéarla) le forbairt na litearthachta sa Ghaeilge.
- **Múnlú agus scafláil:** Smaointeoireacht, struchtúir teanga agus cur le chéile téacsanna a shoiléiriú.
- **Aidhm fhíreannach bhríoch:** Ba chóir go rachadh na tascanna litearthachta níos doimhne ná míniú/brí a thabhairt nó cleachtadh a chríochnú.
- **Comhtháthú trasna an churaclaim:** Ba cheart go mbeadh an litearthacht á neartú trí na hábhair uile, seachas tríd an nGaeilge amháin.

## Tábla 7. Litearthacht mar thaca don bhfoghlaim trasna an churaclaim

| Gníomhaíochtaí féideartha | Samplaí sa chleachtas |
|---|---|
| Cuir tús le topaicí nua le plé ó bhéal chun foclóir agus patrúin abairte a thabhairt isteach. | Cuireann an múinteoir tús le comhrá struchtúrtha le hacmhainní amhairc; baineann na scoláirí úsáid as gasanna abairtí chun labhairt faoi thopaic roimh í a léamh. |
| Bain úsáid as comhléitheoireacht chun straitéisí tuisceana agus díchódaithe a léiriú. | Leas a bhaint as leabhair mhóra (do dhaltaí óga), téacsanna gairide, ailt a leamh os ard le chéile agus an múinteoir mar eiseamláir don phróiseas smaointeoireachta ("N'fheadar…", "Cad chuige…?" "Conas is féidir…", "Cuireann sé seo X i gcuimhne dom). |
| Léitheoireacht i bpéirí nó léitheoireacht 'mhacalla' a fhorbairt chun muinín agus líofacht a chothú. | Léann cainteoirí líofa taobh le foghlaimeoirí nua-thagtha; déanann an foghlaimeoir nua macalla de na habairtí agus é sin tacaithe le pictiúir nó téacs aibhsithe. |
| Tacaigh, tríd an teagasc sonrach, le forbairt foclóra. | Taispeántais focal tacaithe ag pictiúir; mioncheachtanna deilbhíochta (réimíreanna, iar-mhíreanna, fréamhfhocail) agus athrá ar théarmaí lárnacha. |
| Tarraing aird na scoláirí ar chosúlachtaí struchtúrtha idir an nGaeilge agus teanga an bhaile/Béarla. | Díríonn an múinteoir aird na scoláirí ar phatrúin (m.sh, *fotaisintéis / photosynthesis*), chun cabhrú leo naisc a dhéanamh le heolas réamhfhoghlamtha. |
| Úsáid fónaic na Gaeilge chun tacú le díchódú agus luath-litearthacht, ach é seo laistigh de chur chuige cothromaithe a chuireann béim ar an teanga ó bhéal, an stór focal agus an tuiscint. | Téitear siar ar spriocfhuaimeanna agus pátrúin litrithe le linn gníomhaíochtaí gearra ina gcuirtear béim ar an teanga ó bhéal - cluichí ríme, rannta, meaitseáil an fhuaim leis an siombail nó foclóir téamabhunaithe Gaeilge a dhíchódú.<br><br>Bíodh cur chuige córasach ann chun tacú le foghlaim agus sealbhú na bhfocal ardmhinicíochta. |
| Soláthair scafall scríbhneoireachta don Ghaeilge. | Conas tús a chur le habairt ("Ar an gcéad dul síos…", "Creidim… mar…", "Fadó fadó.."), struchtúrú alt, mataí teanga téamabhunaithe a thagann le seánra ar leith (tuairisc, athinsint, míniú, treoracha, m.sh.). |
| Cuimsigh uirlisí digiteacha chun tacú leis an litearthacht. | Dearann na scoláirí e-leabhair, póstaeir digiteacha agus sleamhnáin ag baint leas as meascán de théacs, fuaim agus ábhar físe. |
| Punanna pearsanta litearthachta a chruthú. | Bailíonn scoláirí logaí léitheoireachta, samplaí scríbhneoireachta, liostaí foclóra, agus obair le |

| | |
|---|---|
| | nótaí ag taispeáint dul chun cinn le himeacht ama. |
| Úsáid an measúnú foirmitheach chun na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim a threorú. | Seiceáil go tapa ar thuiscint na scoláirí trí iarraidh orthu achoimre ó bhéal a thabhairt, nó léaráidí mionsonraithe, nó tascanna gonta tuisceana a chur i gcrích sula dtabharfaidh siad faoi thascanna níos faide scríbhneoireachta go neamhspleách. |
| Úsáid uirlisí ilteangacha go straitéiseach. | Téacsanna dátheangacha á n-úsáid sa bhaile nó don léitheoireacht neamhspleách chun scileanna léamhthuisceana a fhorbairt. Leas a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach más cuí. |

# **Prionsabal 8:** Cothabháil agus luach a chur ar theanga bhaile an scoláire

Is gné ríthábhachtach den ilteangachas suimitheach é teanga bhaile an scoláire a aithint agus tacú leis. Neartaíonn cothabháil teanga bhaile naisc teaghlaigh, féiniúlacht agus féinmhuinín, agus cuireann sé rath acadúil fadtéarmach chun cinn. Léirítear go comhsheasmhach sa taighde go gcuireann scileanna láidre i dteanga dhúchais an scoláire lena chumas teangacha nua a fhoghlaim, teangacha lena n-áirítear an Ghaeilge agus an Béarla, trí scileanna litearthachta agus cognaíocha a thraschur ó theanga amháin go teanga eile.

Mar sin, tá freagracht bhreise ar scoileanna lán-Ghaeilge: ní hamháin an tumoideachas sa Ghaeilge a chothú ach ag an am céanna, acmhainní teanga agus cultúrtha na scoláirí a mhóradh. Nuair a léirítear meas ar theanga bhaile an scoláire i gcleachtais scoile, cabhraíonn sé le féinmhuinín agus féinmheas an scoláire a threisiú.

Ní laghdaíonn tacú le teanga bhaile an scoláire éiteas na scoile ó thaobh na Gaeilge de. A mhalairt atá fíor, neartaíonn sé na bunghnéithe cognaíocha a chuireann ar chumas scoláirí Gaeilge a fhoghlaim go héifeachtach.

## Tábla 8. Cothabháil agus luach a chur ar theanga bhaile an scoláire

| Gníomhaíochtaí féideartha | Samplaí sa chleachtas |
|---|---|
| Taispeáin comharthaíocht ilteangach do rudaí tábhachtacha sa seomra ranga, do bheannachtaí agus do ghnáthaimh. | Lipéid dátheangacha/ilteangacha, le gnéithe áirithe ar taispeáint i nGaeilge agus i dteangacha bhaile na scoláirí. |
| Téigh i dteagmháil le teaghlaigh chun acmhainní cultúrtha nó teangeolaíocha a chur ar fáil. | Roinneann tuismitheoirí beannacht ghearr, amhrán, nó seanfhocal ina dteanga bhaile agus seinntear taifeadtaí le linn tionóil nó úsáidtear iad i dtionscnaimh ranga. |
| Úsáid leabhair dhátheangacha agus leabharlanna digiteacha nuair is cuí. | Léitheoireacht i mbeirteanna le cóip amháin i nGaeilge agus cóip amháin i dteanga dhúchais an scoláire.<br><br>Rochtain a thabhairt ar leabharlanna leictreonacha ilteangacha chun léitheoireacht neamhspleách a éascú. |
| Spreag na scoláirí chun punann teanga “Mo Theangacha” a choinneáil. | Samplaí scríbhneoireachta, líníochtaí, liostaí foclóra, grianghraif, nó taifid a rinneadh i ngach ceann dá dteangacha le linn na scoilbhliana a choimeád. |

| | |
|---|---|
| Cuir in iúl do thuismitheoirí a thábhachtaí is atá sé an litearthacht sa teanga dhúchais a choinneáil agus a neartú. | Litreacha aistrithe nó cruinnithe gearra eolais ag míniú tábhacht na léitheoireachta sa teanga dhúchais mar thacaíocht d’fhoghlaim na Gaeilge. |
| Déan taifead ar inniúlacht teanga an fhoghlaimeora ina phróifíl foghlama agus déan úsáid na teanga seo a cheiliúradh. | Nuair is féidir leis an bhfoghlaimeoir léamh nó scríobh ina dteanga dhúchais, déan nóta de; déan sroichint na gclochmhílte liteartha a cheiliúradh taobh leis an dul chun cinn sa Ghaeilge. |
| Ceadaigh úsáid a theanga bhaile ag an scoláire go discréideach, áit a gcuidíonn a leithéid leis an bhfoghlaim nó leis an bhfolláine mhothúchánach. | D’fhéadfadh an scoláire smaointe a dhréachtú ina theanga bhaile sula dtugann sé faoin nGaeilge. D’fhéadfadh an cúntóir riachtanais speisialta (CRS) nó comhdhalta athdhearbhú a thabhairt sa teanga seo, má tá sé d’acmhainn acu é seo a dhéanamh. |
| Cuimsigh tascanna trasteangaithe ó am go chéile d’fhonn tarraingt ar acmhainní teanga uile an scoláire. | Cruthaíonn scoláirí póstaer ilteangach, crann teaghlaigh, nó tionscadal ina bhfuil Gaeilge mar príomhtheanga ach aithnítear naisc le teanga bhaile an scoláire chomh maith. |

# **Prionsabal 9**: An réamhfhoghlaim agus an teicneolaíocht dhigiteach mar scafláil don teanga

Is minic a thugann scoláirí nua réamheolas saibhir leo a chuimsíonn tuiscint choincheapúil dhea-fhorbartha agus taithí litearthachta ón bhfoghlaim atá déanta acu roimhe seo. Nuair a úsáideann scoileanna an réamhfhoghlaim seo, is féidir leo iarracht chognaíoch na scoláirí a dhíriú ar fhoghlaim foclóra agus struchtúir na Gaeilge seachas coincheapa atá acu cheana féin a fhoghlaim arís.

Cuimsíonn tacaíocht éifeachtach an fhoghlaim nua trí mheán na Gaeilge a nascadh leis an méid atá ar eolas ag na scoláirí cheana féin, seachas ábhar a athfhoghlaim. Is féidir úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha chun tacú leis an bpróiseas seo trí rochtain ar acmhainní ilmhódacha a éascú - foclóirí ilteangacha agus cleachtaí pearsantaithe a neartaíonn foghlaim na Gaeilge fad a choinnítear litearthacht sa teanga bhaile.

Éilíonn cur chuige éifeachtach tumoideachais ar mhúinteoirí raon straitéisí a úsáid chun brí a chur in iúl agus gan dul i muinín an aistriúcháin chun coincheapa agus téarmaí a mhíniú.

## Tábla 9A. An réamhfhoghlaim agus an teicneolaíocht dhigiteach mar scafláil don teanga

| Gníomhaíochtaí féideartha | Samplaí sa chleachtas |
|---|---|
| Aimsigh an réamhfhoghlaim sula gcuirtear an t-ábhar nua i láthair. | Bain úsáid as mapa meabhrach/cairteacha eolais chun a fháil amach céard atá ar eolas/foghlamtha ag na scoláirí cheana féin - lig do na scoláirí a bhfoghlaim a léiriú ag baint úsáide as líníochtaí. Ceadaigh dóibh a dteanga dhúchais, Béarla, nó Gaeilge a úsáid chuige seo. |
| Aithin an t-eolas réamhfhoghlamtha trí úsáid a bhaint as léaráidí agus comhthéacsanna a thuigeann an scoláire. | Sula dtosnaíonn an ceacht tíreolaíochta, mar shampla, taispeáin íomhánna de chriosanna aeráide agus iarr ar na scoláirí gnéithe cosúla a aithint ina dtír dhúchais nó ina dteanga féin. |
| Déan an téarmaíocht nua i nGaeilge a nascadh le coincheapa atá ar eolas cheana. | Cuireann an múinteoir *buidéal*, *compás*, *gualach, ciorcal, liathróid,* mar shampla, i láthair trí na gnathrudaí seo a thaispeáint agus ainmníonn an scoláire iad ina theanga dhúchais (nó i mBéarla má tá Béarla acu) agus ansin foghlaimíonn siad an téarma i nGaeilge.<br><br>Cuirtear an teanga faoi bhráid an scoláire ar shlite éagsúla - í á rá, an litriú á thaispeáint, naisc le focail eile á léiriú, agus dóthain |

| | |
|---|---|
| | spáis agus ama á soláthar don scoláire an teanga a fhiosrú, a chleachtadh ó bhéal agus a shealbhú. |
| Déan aird a tharraingt go sonrach ar phatrúin teanga (m.sh., struchtúir briathartha, abairtí, pátrúin litrithe) trína múnlú, a aibhsiú i dtéacsanna, a chur ar taispeáint ar na ballaí, agus spreag scoláirí chun iad a úsáid arís ó bhéal nó i scríbhinn trasna na n-ábhar éagsúla. | Tarraingíonn an múinteoir matamaitice aird na scoláirí ar an bpátrún teanga a bhaineann le húsáid na réimíre 'corr' roimh ainmfhocail éagsúla: **corr**uimhir/ **corr**dhuine /**corr**uair agus spreagtar na scoláirí teacht suas lena samplaí féin. |
| Tabhair cead do na scoláirí a rogha teanga a úsáid chun tobsmaointeoireacht a dhéanamh nó chun tuairimí a dhréachtadh. | Déanann an scoláire pictiúr lipéadaithe nó cláraíonn siad a smaointe ina dteanga dhúchais sula gcruthaítear abairtí i nGaeilge. |
| Úsáid gluaiseanna dátheangacha chun príomhthéarmaí a dhaingniú. | Cruthaigh gluais chomhroinnte don rang le colúin don Ghaeilge, (don Bhéarla) agus don téarma i dteanga dhúchais scoláirí eile atá sa rang; bíodh léaráidí ann dóibh siúd nach bhfuil an léitheoireacht ar a dtoil acu go fóill. |

## Tábla 9B. Uirlisí digiteacha don scafláil teanga

| Gníomhaíochtaí samplacha | Samplaí sa chleachtas |
|---|---|
| Úsáid gluaiseanna dáththeangacha idirghníomhacha nó aipeanna foclóra dála foclóir.ie,teanglann.ie agus téarma.ie. | Déan na scoláirí a chumasú in úsáid gluaiseanna téarmaíochta le pictiúir agus gearrthóga fuaime a rochtain. |
| Cuir ábhar ilmhódach ar fáil chun tacú leis an tuiscint. | Físeáin ghearra le fotheidil i nGaeilge; gearrthóga beochana simplí; closleabhair chun coincheapa a mhúineadh roimh na ceachtanna. |
| Spreag na scoláirí chun a bhfoclóirí pearsanta féin a fhorbairt. | Coinníonn gach scoláire leabhrán digiteach (m.sh., Padlet) le híomhánna, gearrthóga fuaime, agus abairtí samplacha i nGaeilge. |
| Bain úsáid as uirlisí aistriúcháin go discréideach chun soiléiriú a lorg. | Ceadaíonn an múinteoir do scoláirí soiléiriú a fháil ar bhrí an fhocail trí fheidhmchlár/aip aistriúcháin iontaofa, agus ansin déantar an bhrí a athrá i nGaeilge. |
| Cuir ardáin ar fáil do scoláirí chun a gcuid foghlama a léiriú ar bhealaí cruthaitheacha. | Cruthaíonn scoláirí póstaeir dhigiteacha, guthú, léaráidí lipéadaithe, nó físeáin ghearra ag míniú coincheapa ag baint úsáide as frásaí Gaeilge le tacaíocht an mhúinteora. |
| Tabhair gníomhaíochtaí digiteacha difreáilte do scoláirí a chabhraíonn leo an | Tabhair deis do na scoláirí leas a bhaint as cluichí agus uirlisí digiteacha chun an |

| | |
|---|---|
| sainfhoclóir a mhúintear sa rang a chleachtadh. | téarmaíocht nua a chleachtadh ag a leibhéal foghlama féin. |

# **Prionsabal 10**: Obair i gcomhpháirt le tuismitheoirí/caomhnóirí agus an pobal

Tá comhoibriú láidir idir an baile agus an scoil ríthábhachtach chun tacú le scoláirí atá ag foghlaim Gaeilge agus Béarla mar theangacha breise. Nuair a thuigeann tuismitheoirí cur chuige tumoideachais na scoile agus nuair a mhothaíonn siad go bhfuil fáilte rompu, bíonn siad in ann tacú níos fearr le foghlaim agus folláine a bpáiste. Cabhraíonn cumarsáid shoiléir, chultúr-fhreagrúil le muinín a thógáil, neartaíonn sí comhpháirtíocht idir an baile agus an scoil agus mórann sí luach teangeolaíoch agus cultúrtha theaghlaigh an pháiste.

Neartaíonn an comhoibriú leis an bpobal níos leithne tionchar teangeolaíoch an tumoideachais lasmuigh den seomra ranga. Is féidir le leabharlanna áitiúla, grúpaí cultúrtha, agus líonraí deonacha, mar shampla, deiseanna breise a chruthú don tumadh sa teanga.

## Tábla 10. Obair i gcomhpháirt le tuismitheoirí/caomhnóirí agus an pobal

| Gníomhaíochtaí féideartha | Samplaí sa chleachtas |
|---|---|
| Déan éiteas lán-Ghaeilge na scoile a mhíniú ar bhealach atá soiléir agus fáilteach. | Teachtaireacht físe ghairid ón bpríomhoide le fotheidil; bileog shimplí fáiltithe a thugann cur síos ar an tumoideachas, an cur chuige tumoideachais atá ag an scoil, agus na buntáistí a bhaineann leis. |
| Déan cumarsáid rialta le tuismitheoirí ag baint úsáid as leaganacha teanga atá inrochtana dóibh. | Litreacha aistrithe, pictiúir le lipéid/nótaí eolais, nótaí beaga míniúcháin a chuireann síos ar ghnéithe de shaol na scoile (cuir chuige don obair bhaile, imeachtaí scoile atá le teacht, mar shampla) ar bhealach atá simplí agus sothuigthe. |
| Cruthaigh pacáiste fáilte ilteangach do theaghlaigh nua. | Eolas ar nósanna scoile, éide scoile, gnáthaimh lóin, eochairfhocail i nGaeilge/Béarla/teanga bhaile, teagmhálacha le haghaidh tacaíochta.<br><br>Deis a chruthú do thuismitheoirí cuairt scoile a dhéanamh nó, sa chás nach féidir leo é seo a dhéanamh, grianghraif/físeán den scoil a chur ar fáil dóibh. |
| Soláthraigh deiseanna neamhfhoirmiúla do thuismitheoirí an Ghaeilge a chloisteáil nó a fhoghlaim sa scoil. | Ceardlanna do thuismitheoirí ina mhúintear frásaí simplí (“Dia duit”, “Oíche mhaith”, “Ádh mór ort”), nó maidineacha oscailte nuair is féidir le tuismitheoirí léargas a fháil ar an tumoideachas. |
| Bunaigh córas páirtíochta do thuismitheoirí más féidir. | Déan ‘cleamhnas’ idir na teaghlaigh nua-thagtha agus teaghlaigh ina n-úsáidtear an Ghaeilge sa bhaile, le gur féidir leo tacaíocht neamhfhoirmiúil a fháil agus iad ag dul i dtaithí ar nósanna imeachta na scoile. |

| | |
|---|---|
| Obair i bpáirt le gníomhaireachtaí pobail chun eispéiris shaibhre teanga a chruthú. | Spéis a léiriú don chultúrlann/leabharlann áitiúil i seisiúin scéalaíochta dátheangacha; grúpaí ealaíne ag eagrú ceardlanna ilchultúrtha; clubanna ceoil nó Cumann Lúthchleas Gael ag fáiltiú roimh bhaill nua den phobal. |
| Dul chun cinn a bpáiste a roinnt go rialta le tuismitheoirí ar bhealach sothuigthe – go hilteangach agus go físiúil. | Uasdátuithe nó nuachtlitreacha ráithiúla ag léiriú dul chun cinn sa Ghaeilge agus i dteangacha eile, mar aon le grianghraif de ghníomhaíochtaí ranga. |
| Na tuismitheoirí a chuimsiú in imeachtaí scoile atá cultúr-fhreagrúil. | Ceiliúrthaí nó tionóil ina roinneann scoláirí amhráin, beannachtaí, nó scéalta ó chultúir éagsúla, leis an nGaeilge mar phríomhtheanga an imeachta. |
| Tabhair treoir do thuismitheoirí faoi mar is féidir leo tacú leis an bhfoghlaim sa bhaile fiú mura mbíonn Gaeilge acu. | Tabhair moltaí beaga maidir le fiúntas léamh lena chéile i dteanga an bhaile, labhairt lena chéile faoi ábhair scoile agus dul siar ar an bhfoclóir nua le cabhair léaráidí. |

# **Aguisín:** Treoir bhreise agus acmhainní

Tugtar fordhearcadh sa mhír seo ar na príomhchreataí, tuarascálacha taighde, agus uirlisí praiticiúla a d'fhéadfadh bheith mar thaca do scoileanna agus iad ag pleanáil do chur chun cinn fhoghlaim scoláirí atá ag foghlaim na Gaeilge agus an Bhéarla mar theangacha breise. Tagann úsáid na n-acmhainní seo le polasaithe náisiúnta, le taighde ar an tumoideachas agus le dea-chleachtas san oideachas cuimsitheach dátheangach agus ilteangach.

Dála na samplaí a chuirtear ar fáil sna táblaí tríd an gcáipéis, ní liosta saintreorach ná uilechuimsitheach é seo. Moltar do scoileanna na huirlisí a thagann lena gcomhthéacsanna féin maidir le acmhainn foirne agus riachtanais a scoláirí a roghnú.

## Treoir bhreise ó chomhthéacs na hÉireann

Tá na prionsabail atá leagtha amach sa treoir seo — pleanáil chomhchoiteann, teagasc freagrúil agus measúnú foghlaimeoir-lárnaithe — ag teacht leis na prionsabail d'ionchuimsiú sna

- Táscairí ar Chleachtas Éifeachtach do Bhunscoileanna (Ag Tacú le Leanaí i Ranganna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu)

  agus sna

- Táscairí ar Chleachtas Éifeachtach d'Iarbhunscoileanna (Ag Tacú le Daoine Óga i Ranganna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu) arna foilsiú ag an Roinn Oideachais.

Cé go ndíríonn na táscairí sin ar riachtanais speisialta oideachais, cuidíonn na struchtúir chéanna le soláthar éifeachtach a dhéanamh do scoláirí atá ag foghlaim na Gaeilge agus an Bhéarla mar theangacha breise. Cé nach ionann riachtanais teanga bhreise agus riachtanais speisialta oideachais, tá fiúntas ag baint leis na córais chéanna comhordaithe agus pleanála ar leibhéal na scoile uile.

An Roinn Oideachas agus Óige

- Meeting Additional Language Needs: Whole-school and Classroom Approaches for Inclusive Language Learning Findings from Primary and Post-primary school inspections of English as an Additional Language

- D’athdhearbhaigh an taighde a rinneadh mar bhonn eolais don Pholasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht go bhfuil scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge oiriúnach agus tairbheach do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear daoine le cúlraí teangeolaíocha agus cultúrtha éagsúla. Léirítear ann go gcruthaíonn suíomhanna tumoideachais—nuair a bhíonn siad cuimsitheach agus tacaithe i gceart —torthaí éifeachtacha teanga, cognaíocha agus folláine do scoláirí, agus dá bharr sin go mba cheart go mbeadh siad inrochtana do gach páiste, cibé cúlra atá aige/aici.

Oide

- Tacú le hionchuimsiú foghlaimeoirí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu
- Ábhair Foghlama Ghairmiúla (tacaí ábhartha a cuireadh ar fáil sna ceardlanna GTB).
    - Gaeilge-mar-Theanga-Bhreise-Seisiun 1
    - Gaeilge-mar-Theanga-Bhreise-Seisiun-2
- Feidhmeanna Teanga 16.12.2025 (acmhainn chun tacú le múineadh na bhfeidhmeanna teanga i nGaeilge)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM/NCCA)

- Tá Curaclam Teanga na Bunscoile deartha go cúramach chun a bheith inrochtana do gach scoláire. Tacaíonn sé leis an scoláire dul chun cinn a dhéanamh óna t(h)úsphointe féin, cibé eispéiris teanga a bhí aige/aici roimhe seo.
- Intercultural Education in the Post-Primary School: Guidelines for Schools
- Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: treoirlínte do Scoileanna

## Acmhainní breise ón gcomhthéacs idirnáisiúnta


- Baker, C., & Wright, W. (2017). Foundations of bilingual education and bilingualism. Multilingual Matters.
- Cummins, J. (2000). Language, power and pedagogy: Bilingual children in the crossfire. Multilingual Matters.
- Cummins, J. (2021). Rethinking the education of multilingual learners. Multilingual Matters.
- Genesee, F., & Lindholm-Leary, K. (2013). The suitability of dual-language programs for ethnically diverse students. Bilingual Research Journal, 36(2), 324-341.
- Translanguaging Guides | CUNY-NYSIEB. City University of New York – New York State Initiative on Emergent Bilinguals 2014: Tugann na treoracha seo straitéisí agus cur chuige do mhúinteoirí atá ag obair le scoláirí dátheangacha.

Is ardán foghlama digiteach ilteangach é **Binogi** atá deartha chun tacú le foghlaim ábhair agus teanga trí fhíseáin ghearra bheochana.

- Jim Cummins ag labhairt faoin bhféiniúlacht teanga: Binogi Forum (2018)
- Léacht de chuid an Dr. Jim Cummins faoi rochtain ar an gCuraclam a éascú d'fhoghlaimeoirí ilteangacha tríd an teicneolaíocht dhigiteach Binogi Forum (2023)